Foirm EE.2

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004

Alt 76: "Ceart chun faisnéise"
Iarraidh ón ngearánaí ar fhaisnéis ón bhfreagróir

<u>Nóta míniúcháin:</u>
Déantar foráil le halt 76 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004:

- i gcás ina gceapann duine go mb'fhéidir go ndearnadh idirdhealú ina (h)aghaidh nó gur déileáladh leis/léi ar aon slí eile atá mídhleathach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta,

- go bhféadfaidh an duine (an "gearánaí"), más mian leis/léi é,

- scríobh chuig an duine nó an eagras (an freagróir") a gceapann sé/sí go mb'fhéidir gur dhéileáil siad leis/léi go mídhleathach,

- faisnéis chuí a iarraidh chun cabhrú leis/léi breith a thabhairt cé acu ba chóir dó/di cás a tharchur chuig an mBinse Comhionannais nó chun cabhrú leis/léi a c(h)ás a fhoirmliú agus a thíolacadh.

An fhoirm a bhforordaítear le dlí[1] gurb í a úsáidfidh gearánaí chun an fhaisnéis sin a iarríadh tá sí san Fhorm EE.2 seo.

Tá cineálacha áirithe faisnéise eisiata. De réir alt 76, is faisnéis iomchuí faisnéis más é atá inti:

- faisnéis faoi na cúiseanna atá ag an bhfreagróir le haon ní iomchuí a dhéanamh nó gan é a dhéanamh

- faisnéis faoi aon chleachtais nó nósannna imeachta iomchuí de chuid an fhreagróra

- faisnéis (seachas faisnéis faoi rún, nó faisnéis faoi scála nó faoi acmhainní airgeadais ghnó an fhostóra) faoi luach saothair daoine eile a bhfuil post acu atá inchomparáide le post an ghearánaí nó faoin tslí a ndéileáiltear leis na daoine sin,

[1] Féach na Rialacháin fán Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Alt 76 –Ceart chun Faisnéise), 1999 Ionstraim Reachtúil uimh. 321 de 1999. Tá teistiméireachtaí carachtair eisiata, agus tá feidhm ag forálacha faoi leith maidir le hiarrataí ar fhaisnéis faoi agallaimh de chuid Choimisinéirí na Státseirbhíse, na gCoimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, Óglaigh na hÉireann nó an Gharda Síochána: féach alt 76.

- aon fhaisnéis eile nach bhfuil faoi rún, agus a bhfuil sé réasúnach ag an ngearánaí í a iarraidh sna himthosca.

Ciallaíonn faisnéis faoi rún "aon fhaisnéis a bhaineann le pearsa aonair áirithe, ar féidir í a aithint mar fhaisnéis a bhaineann leis an bpearsa aonair sin, agus nach n-aontaíonn an phearsa aonair sin lena nochtadh."

Is féidir leis an bhfreagróir freagra a thabhairt ar Fhoirm EE.3, atá forordaithe le dlí chun na críche seo. (Níl an freagróir faoi oibleagáid freagra a thabhairt. Déantar foráil le halt 81 de na hAchtanna mura dtugann siad freagra, nó má tá na freagraí bréagach nó míthreorach, go bhféadfar aird a thabhairt air sin le linn breith a thabhairt ar an gcás).

Na hAchtanna um Chomhionannnas Fostaíochta 1998 agus 2004, alt 76
Ceistiúchán an Ghearánaí

Ainm agus seoladh an duine atá le ceistiú (an Freagróir):	chuig..... as..... ....
Ainm agus seoladh an Ghearánaí:	1. Measaim..... as..... ....
Scrios na himthosa nach bhfuil feidhm acu maidir le do ghearán.	go mb'fhéidir go ndearna tú: (a) idirdhealú i m'aghaidh; (b) mé a dhífhostú nó pionós a chur orm ar shlí eile in imthosca ab ionann agus íospairt; (c) mainneachtain luach saothair comhionann a sholáthar dom mar a ceanglaíodh faoi théarma luacha saothair chomhionainn (d) mainneachtain déileáil liom ar shlí chomhionann mar a ceanglaíodh le clásal comhionannais faoi mo chonradh fostaíochta; de shárú ar fhorálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2004.
Luaigh an foras (na forais) idirdhealaitheach(a) a cheapann tú a bhaineann le do ghearán. (Ticeáil mar is cuí).	2. Inscne ( ) Stádas Pósta ( ) Stádas Teaghlaigh ( ) Gnéaschlaonadh ( ) Creideamh ( ) Aois ( ) Michumas( ) Cine ( ) An Foras Lucht Siúil ( ).

Tabhair imthosca do ghearáin lena n-áirítear: (a) I gcás na slí inar déileáladh leat, dátaí, amanna agus cur síos fírinneach ar an tslí déileála sin agus ar na himthosca ba bhun léi, nó (b) I gcás luacha saothair, ainm(neacha), teideal (teidil) poist srl., an duine (na daoine) a gceapann tú go ndéanann tú an cineál céanna oibre leo (i.e. an obair chéanna, obair den tsamhail chéanna nó obair ar chomhluach).	3.
Comhlánaigh más mian leat fáthanna a thabhairt, thairis sin scrios an focal "mar".	4. Creidim go bhféadfaí go raibh an déileáil/na himthosca atá luaite i mír 3 den Cheistiúchán seo mídhleathach mar……
Is í seo an chéad cheist uait ar an bhFreagróir.	5. An n-aontaíonn tú go bhfuil na himthosca atá luaite i mír 3 den Cheistiúchán seo cruinn? Mura n-aontaíonn, cad é leis nach n-aontaíonn tú, nó cad é do leagansa den gcor?
Is í seo an dara ceist uait ar an bhFreagróir.	6. An n-aontaíonn tú go raibh an tslí ar dhéileáil tú liom, nó an luach saothair a tugadh dom, mídhleathach, de shárú ar fhorálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2004? Mura n-aontaíonn: (a) Cén fáth nach n-aontaíonn? (b) Cén fáth ar déileáladh liom ar an tslí, nó a bhfuair mé an luach saothair, is ábhar do mo ghearán?

Cuir isteach anseo aon cheisteanna eile is mian leat a chur lena n-áirítear aon iarraidh ar fhaisnéis ábhartha eile nach bhfuil faoi rún i leith daoine eile a bhfuil post inchomparáide leat acu nó ar fhaisnéis a bhfuil sé réasúnach duit í a éileamh i gcomhthéacs do cháis.	7.
An seoladh ar chóir freagra a chur chuige, murab ionann é agus an seolaldh ag mír 1 den Cheistiúchán seo.	8. Síniú an Ghearánaí ..... Dáta.....

Nóta

Mura bhfuil go leor spáis chun faisnéis a iarraidh, úsáid leathanach (leathanaigh) breise agus sínigh agus dátaigh gach ceann díobh le do thoil.